# Teilifís

le Gabriel Rosenstock




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta


# Teilifís

### Le plé le do chara in aice leat roimh duit féachaint ar an bhfíseán


- An maith leat féachaint ar an teilifís?
- Cén clár teilifíse is fearr leat?
- An fearr leat féachaint ar sheirbhísí srutha cosúil le Netflix nó Prime?
- Cén tsraith is fearr leat? Cén fáth?
- An maith leat féachaint ar scannáin ar an teilifís?

## Teilifís le Gabriel Rosenstock

Ar a cúig a chlog ar maidin
Theastaigh an teilifís uaithi.
An féidir argóint le beainín
Dhá bhliain go leith?
Síos linn le chéile
Níor bhacas fiú le gléasadh
Is bhí an seomra préactha.
Gan solas fós sa spéir
Stánamar le hiontas ar scáileán bán.
Anois! Sásta?
Ach chonaic sise sneachta
Is sioráf tríd an sneachta
Is ulchabhán Artach
Ag faoileáil
Os a chionn.




# Teilifís



**Gluais:**

- A cúig a chlog ar maidin = 5am
- Theastaigh an teilifís uaithi = bhí sí ag iarraidh féachaint ar an teilifís
- An féidir argóint? = An féidir easaontú?
- Beainín = bean bheag
- Dhá bhliain go leith = 2.5
- Síos linn le chéile = chuamar síos staighre in éineacht lena chéile
- Níor bhacas = níor bhac mé le
- Gléasadh = éadaí a chur orm féin
- Bhí an seomra préactha = bhí an seomra an-fhuar go deo
- Gan solas fós sa spéir = bhí dorchadas na hoíche fós ann
- Stánamar le hiontas = d'fhéachamar go grin
- Ar scáileán bán = faic le feiceáil ach bán ar scáileán na teilifíse
- Sásta? = Sona?
- Sioráf = ainmhí ón Aifric le muineál breá fada
- Ulcabhán Artach = éan a thagann amach san oíche
- Ag faoileáil = ag dul thart i gciorcail




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Teilifís

## Príomhphointí an Dáin:

- Tá an dán seo scríofa sa chéad phearsa.
- Tá an file ag caint go díreach linn.
- Is dán gearr é a insíonn scéal dúinn.
- Dúisíonn iníon an fhile é an-luath ar maidin. Ar a 5am!
- Tá tuirse an domhain ar an bhfile.
- Teastaíonn óna iníon dul síos staighre chun breathnú ar an teilifís.
- Sna seanlaethanta ní bhíodh aon chláir ar siúl san oíche.
- Bhíodh an scáileán bán go dtí an mhaidin nuair a thagadh cláir ar siúl.
- Tuigeann an file é sin. Tuigeann sé nach mbeidh aon rud ar an teilifís ar 5am.
- Ní fiú dó argóint lena iníon. Is cailín beag ceanndána í atá dhá bhliain go leith d'aois.
- Tugann an file a iníon síos staighre go dtí an seomra suí, áit a bhfuil an teilifís.
- Cuireann sé an teilifís ar siúl.
- Níl rud ar bith le feiceáil ach scáileán dubh agus bán, cosúil le sneachta.
- Ní fheiceann an file aon rud.
- I gcomparáid leis an bhfile, feiceann an cailín beag rudaí iontacha sa scáileán.
- Tá samhlaíocht iontach aici.
- Feiceann sí ainmhithe, éin agus sneachta.
- Feiceann sí domhan ollmhór draíochtúil eile ina samhlaíocht.
- Tuigeann an file ansin go raibh sé mícheart. Ní fhaca sé aon rud fiúntach agus bhí sé niciúil.
- Foghlaimíonn an file ceacht. Tá rud éigin speisialta le feiceáil gach áit sa saol. De náth bíonn an iníon ag foghlaim óna hathair ach sa dán seo foghlaimíonn sé rud éigin nua uaithi.



# Teilifís

## Ceisteanna Buntuisceana

1. Cé atá ag caint sa dán?


2. Cé hiad na carachtair sa dán?

3. Cén t-am a dhúisíonn an file?

4. Cén duine a dhúisíonn é?

5. Cén fáth a bhfuil iníon an fhile ag iarraidh dul síos staighre?

# Teilifís



## Ceisteanna Buntuisceana

6. Cén fáth nach bhfuil an file ag iarraidh dul síos staighre?

7. Cén aois í an cailín beag?

8. Cén chaoi a mothaíonn an file agus é sa seomra suí?

9. Céard atá le feiceáil taobh amuigh den fhuinneog?

10. Cad a fheiceann an file agus é ag breathnú ar an teilifís?

11. Cad a fheiceann a iníon agus í ag breathnú ar an teilifís?

# Teilifís

## Ceisteanna Buntuisceana

6. Cén fáth nach bhfuil an file ag iarraidh dul síos staighre?

7. Cén aois í an cailín beag?

8. Cén chaoi a mothaíonn an file agus é sa seomra suí?

9. Céard atá le feiceáil taobh amuigh den fhuinneog?

10. Cad a fheiceann an file agus é ag breathnú ar an teilifís?

11. Cad a fheiceann a iníon agus í ag breathnú ar an teilifís?

# Teilifís

## Teicnící fileata sa Dán

Uaim = nuair a thosaíonn focail leis an litir chéanna
An Chéad Phearsa = nuair a úsáideann an scríbhneoir 'mise' nó 'mé'.
Sioscadh = nuair a thosaíonn focail leis an litir 's' chun an líne a dhéanamh níos moille
Úrsárú = nuair a leanann línte ar aghaidh gan aon phoncaíocht chun gluaiseacht a chur in iúl

### Meaitseáil na teicnící fileata le sampla ón dán

- Uaim
- An chéad phearsa
- Sioscadh
- Úrsárú

- Níor bhacas fiú le gléasadh
- Ar a cúig a chlog ar maidin
- Is ulchabhán Artach/ag faoileáil
- Ach chonaic sise sneachta

**Roghnaigh íomhá (pictiúr) amháin ón dán a thaitin leat agus tarraing pictiúr de. Scríobh líne na híomhá thíos faoin bpictiúr.**

# Teilifís

## Ceisteanna Léirthuisceana

1. Ar thaitin an dán seo leat? Thaitin / níor thaitin
Cén fáth?

2. Cén mothúchán is mó atá le feiceáil sa dán seo?
Mínigh.

3. Cén saghas duine é an file, an gceapann tú?

4. Ar mhaith leat níos mó dánta le Gabriel Rosenstock a léamh? Cén fáth?

# Teilifís

## Scéal an Dáin

Is dán álainn é an dán 'Teilifís' atá an-phearsanta. Tá an dán seo scríofa sa chéad phearsa. Is é an file an t-athair sa dán. Dúisíonn sé an-luath ar maidin. Tá sé fós dorcha taobh amuigh. A iníon bheag a dhúisíonn é. Níl sí ach dhá bhliain go leith d'aois. Tá sí beag agus teastaíonn comhluadar uaithi. Tá sí ag iarraidh dul síos staighre chun breathnú ar an teilifís.


Níl an file ag iarraidh dul síos go dtí an seomra suí léi. Tá sé fós dorcha. Tá tuirse air. Níl aon rud ar an teilifís ag an am seo den oíche ar aon nós. Is cailín ceanndána í a iníon. Teastaíonn uaithi dul síos chun féachaint ar an teilifís. Níl an fuinneamh ag an bhfile tosú ag argóint léi. Téann siad síos an staighre le chéile.

Tá an seomra an-fhuar agus tá sé dubh dorcha. Cuireann an file an teilifís ar siúl ach níl aon rud le feiceáil ach scáileán bán le spotaí dubha. Tá sé sásta. Níl faic le feiceáil! Tá sé réidh le filleadh ar a leaba lena iníon.

Tagann iontas ar an bhfile. Ní fheiceann sí faic. Feiceann sí gach rud. Tá samhlaíocht iontach aici. Feiceann sí ainmhithe, éin agus sneachta. Samhlaíonn sé domhan eile taobh istigh den scáileán agus feiceann sí rudaí trí shúile óga. Tá náire de shaghas ar an bhfile. Tá sé róchiniciúil agus fásta suas. Níl gliondar ina chroí mar atá i gcroí a iníne. Cumann sé dán le meabhrú dó féin go bhfuil an saol lán le hiontais agus gur ceart dúinn a bheith oscailte i gcónaí do rudaí nua sa saol.



# Teilifís



## Téamaí sa Dán

- Grá
- Áthas
- Caidreamh
- Soineantacht na hÓige

**An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach? Cuir ciorcal timpeall ar F má tá an ráiteas fíor. Cuir ciorcal timpeall ar B má tá an ráiteas bréagach**

| | |
|---|---|
| Tá a lán grá ag an bhfile dá iníon. | **F B** |
| Tá a lán grá ag an bhfile dá iníon. | **F B** |
| Tá dlúthchaidreamh idir an file agus a iníon. | **F B** |
| Ceapann an file go bhfuil a iníon amaideach agus í a rá go bhfuil ainmhí ar an scáileán | **F B** |
| Tá iníon an fhile soineanta agus tá sé ciniciúil. | **F B** |